C/2025/2772

16.5.2025

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Bealtaine 2025

lena gceaptar 11 chomhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA)

(C/2025/2772)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún [1], agus go háirithe Airteagal 79 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 79 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 go bhfuil an Chomhairle le hionadaí amháin a cheapadh ó gach Ballstát mar chomhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Bord Bainistíochta').

(2) Tá Comhaltaí an Bhoird Bainistíochta le ceapadh bunaithe ar an taithí agus an saineolas ábhartha atá acu i réimsí na sábháilteachta ceimiceán nó na rialála ceimiceán, agus ar an mbonn go bhfuil saineolas ábhartha i réimsí cúrsaí ginearálta, airgeadais agus dlí ar fáil i measc chomhaltaí an bhoird.

(3) Téarma oifige 4 bliana atá ann agus féadfar é a athnuachan uair amháin.

(4) Le Cinneadh an 6 Bealtaine 2021 cheap an Chomhairle 12 chomhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán [2].

(5) Ceapadh na comhaltaí den Bhord Bainistíochta arna n-ainmniú ag an tSeicia, an Eastóin, an Spáinn, an Iodáil, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an tSlóivéin, an bhFionlainn, agus an tSualainn go ceann tréimhse 4 bliana dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

(6) Tá ainmniúcháin faighte ag an gComhairle óna Ballstáit lena mbaineann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceapfar na daoine seo a leanas ina gComhaltaí den Bhord Bainistíochta don dara téarma ón 1 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2029:

— Per ÄNGQUIST, an tSualainn;

— Dr. Szilvia DEIM, an Ungáir;

— Jérôme FAÉ, Lucsamburg;

— Kees HOPPENER, an Ísiltír;

— Dr. Pasqualino ROSSI, an Iodáil.

Airteagal 2

Ceapfar na daoine seo a leanas ina gComhaltaí den Bhord Bainistíochta don chéad téarma ón 1 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2029:

— Simona FAJFAR, an tSlóivéin;

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj.
[2] IO C 185, 12.5.2021, lch. 4.

— Olivia FALB-NADERER, an Ostair;

— Mari-Anne HÄRMA, an Eastóin;

— Almudena OVEJAS ZAPATA, an Spáinn;

— Hinni Maria PAPPONEN, an Fhionlainn;

— Michaela VYTOPILOVA, an tSeicia.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

B. NOWACKA